# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Scrúdú Nascmhodúl 2013

## Dé Céadaoin 1 Bealtaine 10.00 – 12.30

### TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca**. ☞

| Scrúduimhir |
|---|
| |

Scríobh na freagraí go léir sa Fhreagarleabhar seo.

Tá **trí** Roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**
Tá **ocht** gceist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**
Tá **trí** cheist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**
Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

**Roinn A** **Closamharc** **30 marc**

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú DVD ar an téama fiontraíocht.
- Feicfidh tú an DVD **trí** huaire.
  * Feicfidh tú ó thús deireadh ar dtús é.
  * Taispeánfar ansin ina **thrí** chuid é. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint, tabharfar am duit chun do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den fhreagarleabhar.
  * Feicfidh tú an DVD iomlán ó thús deireadh arís ansin.

**Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí nó le cur le freagraí**.

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **Freagair gach ceist**. | | | 1 | 2 |
| **Cuid 1** | | | | |
| **C.1** Cé chomh fada is atá Andrea agus Tom ina gcónaí i gCo. Chill Chainnigh? | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **1 mharc** | | |
| **C.2** Luaigh **dhá** shlí ar bhain Tom agus Andrea tairbhe as an saol faoin tuath in Éirinn i gcomparáid leis an saol i Stáit Aontaithe Mheiriceá. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |
| **C.3** Cén tairbhe a bhaineann 'Réaltaí na hOíche' as Slí na Ceardaíochta i gCill Chainnigh? | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **3 mharc** | | |

| Roinn A    **Closamharc**    **30 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|
| **Cuid 2** | 1 | 2 |
| **C.4** Déan cur síos ar roinnt de na slite a n-eagraíonn Tom airgeadas 'Réaltaí na hOíche'. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **4 mharc** | | |
| **C.5** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hearra ceardaíochta a dhéantar go háitiúil a cheannach mar bhronntanas in ionad earra a tháirgtear ar scála ollmhór. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |
| **C.6** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb ag tionscail cheardaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

| **Roinn A** **Closamharc** **30 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|
| **Cuid 3** | 1 | 2 |
| **C.7** Mínigh **trí** shlí a bhféadfaí ICT (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide) a úsáid chun tionscail cheardaíochta in Éirinn a chur chun tosaigh ar an margadh. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **6 mharc** | | |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.8** Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine atá ag smaoineamh ar thionscal ceardaíochta a bhunú in Éirinn faoi láthair? | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

## AXEL RÍOMHAIRÍ

Corparáid thrasnáisiúnta Mheiriceánach is ea Axel Computers. Tá ionad déantúsaíochta acu i gClárach ó bhí 1991 ann. Déantar comhpháirteanna do ríomhairí deisce sa mhonarcha seo i gClárach. Is é an fostóir is mó atá sa bhaile seo é ó thosach na 1990idí i leith.

Is lú an t-éileamh atá ar ríomhairí móra deisce le blianta beaga anuas ó d'fhás an t-éileamh ar ríomhairí glúine, ar ríomhairí táibléid agus ar fhóin chliste. Dá bhrí sin, tá líon oibrithe Axel Computers i gClárach tite go dtí 500 duine i gcomparáid le 1,300 duine ag an am ba mhó táirgeadh i 1995.

Sa bhliain 2012, d'fhógair príomhoifig Axel Computers i Meiriceá go ndúnfar an mhonarcha i gClárach i mí Iúil 2013. Ní nach ionadh, tá an-imní ar an bhfoireann oibre agus ar an lucht gnó áitiúil faoi seo. Cé nach bhfuil Axel Computers chomh tábhachtach anois don phobal agus a bhíodh, is é an príomhfhostóir sa bhaile seo fós é.

Tá sé beartaithe ag Comhlachas Trádála Chláraigh agus ag Comhairle Bhaile Chláraigh teacht le chéile agus 'Plean Gníomhaíochta' a dhéanamh amach chun déileáil le dúnadh na monarchan. Tá súil acu go dtiocfaidh siad ar smaointe agus ar straitéisí a laghdóidh, a oiread agus is féidir, an drochthionchar a bheidh ag dúnadh na monarchan ar an mbaile. Cuirfear béim ar chruthú fostaíochta, ar thraenáil a chur ar fáil, agus ar fhiontraíocht phobail a fhorbairt. Is é an chéad rud a bheidh le déanamh acu dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí rialtais cuí agus tacaíocht a lorg uathu sin. Tá cruinniú eagraithe sa bhaile chun deis a thabhairt don phobal áitiúil a dtuarimí a nochtadh faoi na moltaí.

Tá Marc Ó Riain ag obair le hAxel Computers ó d'fhág sé an scoil dhá bhliain déag ó shin. Ar an líne chóimeála a thosaigh sé ag obair agus tháinig sé aníos de réir a chéile go dtí an post atá aige faoi láthair, is é sin 'Teicneoir Déantúsaíochta'. Ghlac sé páirt in imeacht na mblianta sin ina oiread deiseanna traenála agus cúrsaí agus a thiocfadh leis. Is é an obair is deireanaí a bhí le déanamh aige ná micreaphróiseálaithe a chur isteach i ríomhairí pearsanta. Dála gach ball eile d'fhoireann an ghnólachta déanta ríomhairí seo, tá an-imní air faoina bhfuil i ndán dó. Tá sé buartha go mbeidh sé níos deacra aige post a fháil, agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, ós rud nach bhfuil cáilíocht tríú leibhéal aige ná mórán taithí oibre d'aon chineál eile.

Gheobhaidh Marc pacáiste maith iomarcaíochta tar éis a dhá bhliain déag ag obair d'Axel Computers. Tá sé ag smaoineamh ar an airgead sin a úsáid chun cáilíocht fhoirmiúil a bhaint amach. Tá tionscal na Teicneolaíochta Faisnéise (IT) láidir fós in Éirinn ach is maith is eol do Mharc gur i bhforbairt bogearraí atá na comhlachtaí móra IT ag obair. Ba mhaith leis cáilíocht oiriúnach a bhaint amach i bhForbairt agus Innealtóireacht Bogearraí Ríomhaireachta ach níl sé cinnte conas an t-eolas a fháil faoi na cúrsaí tríú leibhéal cuí.

Chun cabhrú lena chuid oibrithe iad féin a ullmhú le fostaíocht nua a lorg, tá socruithe déanta ag Axel Computers dóibh le dul i gcomhairle le saineolaithe earcaíochta. Cuirfidh na comhairleoirí gairmiúla seo comhairle orthu maidir le Curriculum Vitae a ullmhú agus cabhróidh siad le gach duine acu a straitéis féin a dhéanamh d'fhonn fostaíocht nua a fháil. Féachfaidh Axel freisin le tacaíocht a eagrú d'aon oibrí acu atá ag iarraidh a g(h)nó féin a bhunú.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **Freagair gach ceist**. | | | | |
| **C.1** Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas:<br>Fóin Chliste<br>Plean Gníomhaíochta<br>Pacáiste Iomarcaíochta<br>Curriculum Vitae | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.2**<br>(i) Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht chuí rialtais ar chóir don Chomhairle Bhaile agus don Chomhlachas Trádála Áitiúil tacaíocht a lorg uathu chun déileáil le dúnadh Axel Ríomhairí.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na saghsanna éagsúla tacaíochta a d'fhéadfadh na gníomhaireachtaí sin a chur ar fáil chun cabhrú leis an mbaile seo déileáil le dúnadh Axel Ríomhairí.<br>(iii) Cén fáth an bhfuil sé tábhachtach muintir na háite a bheith i láthair ag an gcruinniú atá eagraithe sa bhaile? | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **12 mharc** | | |
| **C.3**<br>(i) Déan cur síos ar cad ba chóir do Mharc a dhéanamh chun an cháilíocht fhoirmiúil is fearr a d'oirfeadh dá chuid riachtanas a bhaint amach.<br>(ii) Mac léinn lánfhásta é Marc agus tá agallamh aige le haghaidh áit ar chúrsa IT (Teicneolaíocht na Faisnéise). Mínigh conas is féidir leis a chinntiú go ndéanfaidh sé go maith san agallamh. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **30 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **12 mharc** | | |

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** |
|---|---|---|

## Freagair ceithre cheist

### INNÉACS AGUS ACHOIMRE

Tá sé cheist ar 25 marc an ceann i Roinn C agus ba chóir duit **ceithre cinn ar bith** a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú agus a aimsiú lena bhfreagairt, is é seo a leanas téacs na gceisteanna ar fad agus réimse uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha ceisteanna ar na leathanaigh chuí ina dhiaidh seo sa leabhrán seo.

**C.1 Bíonn idir dhúshlán agus luaíocht i saol an fhiontraí.** **Lgh 14 - 16**

(a) Mínigh an téarma 'Fiontraí'.
(b) Déan cur síos ar **dhá** luaíocht agus ar **dhá** dhúshlán a bhíonn ann d'fhiontraí.
(c) Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta rinne tú staidéar ar fhiontraí i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a thug tú chun ullmhú i gcomhair an agallaimh leis an bhfiontraí seo.
(d) Luaigh **trí** thréith phearsanta is gá a bheith ag fiontraí. Mínigh an tábhacht a bhaineann le **gach** tréith acu.

**C.2 Is taithí foghlama iontach í an Taithí Oibre/Scáthfhoghlaim.** **Lgh 17 - 19**

(a) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar ullmhaigh tú i gcomhair do shocrúcháin oibre.
(b) Tá scileanna idirphearsanta an-tábhachtach san ionad oibre. Déan cur síos ar **dhá** shampla éagsúla inar léirigh tú scileanna idirphearsanta agus tú ar do shocrúchán oibre.
(c) Mínigh an chaoi inar féidir le fostóir a chinntiú go mbainfidh mic léinn leas agus tairbhe as a gcuid taithí oibre.
(d) Mínigh an tábhacht a bhaineann le taithí oibre a mheasúnú.

**C.3 Tá an ghníomhaíocht ar a dtugtar M'Áit Féin ina bealach luachmhar le heolas a chur ar do cheantar áitiúil.** **Lgh 20 - 22**

(a) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna caitheamh aimsire agus le gníomhaíochtaí eagraithe a bheith ar fáil do dhéagóirí i gceantair áitiúla.
(b) Taispeánann an graf seo na torthaí as cuid de shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí i mbaile beag maidir leis na háiseanna caitheamh aimsire ab fhearr leo iad a bheith ar fáil dóibh. Mínigh na céimeanna a theastaíonn chun suirbhé a chur i gcrích go sásúil.
(c) Ainmnigh eagraíocht dheonach nó fiontar pobail atá i do cheantar féin. Scríobh mionchuntas ar an eagraíocht nó ar an bhfiontar sin faoi **cheithre** cheannteideal ábhartha.
(d) Bíonn eagraíochtaí pobail ag brath ar dhaoine áitiúla a thugann dá gcuid ama agus cúnaimh go deonach. Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh eagraíochtaí pobail níos mó daoine óga a mhealladh le bheith páirteach leo.

**C.4 Is cuid lárnach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é foghlaim faoi ghnólachtaí i do cheantar féin.** **Lgh 23 - 25**

(a) Ainmnigh gnólacht ar thug tú cuairt air mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.
(b) Tugann an-chuid gnólachtaí áitiúla cabhair agus tacaíocht do scoileanna. Mínigh conas is féidir le gnólacht cabhrú le meánscoileanna ina cheantar féin.
(c) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** mhodh inar féidir le bainisteoir/úinéir gnólachta a chinntiú go bhfuil a chuid spriocanna gnó á mbaint amach.
(d) Tá an cúlú eacnamaíochta ag cur isteach ar an-chuid gnólachtaí. Déan cur síos ar chuid de na straitéisí a bhféadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint astu chun tionchar an chúlú eacnamaíochta a shárú.

**C.5 Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta iarradh ort gníomhaíocht fiontair ranga a eagrú.** **Lgh 26 - 28**

(a) Liostaigh **dhá** mhodh le smaointe a ghiniúint i gcomhair fiontar ranga.
(b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis atá le taighde margaidh a dhéanamh.
(c) Leag amach an roinn Acmhainní agus Costas (airgid) de Phlean Gníomhaíochta. Bain úsáid as an eolas atá curtha ar fáil duit.
(d) Ainmnigh táirge/seirbhís ba mhian leat a chur chun cinn. Luaigh agus mínigh **trí** chineál fógraíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge/an tseirbhís sin a chur chun cinn.

**C.6 Nuair a thagann cuairteoirí chun cainte le rang scoile tugann siad eolas luachmhar don rang faoi ghnólachtaí áitiúla/eagraíochtaí pobail atá sa cheantar.** **Lgh 29 - 31**

(a) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le haoichainteoir a thabhairt isteach sa scoil le labhairt le rang Nascmhodúl GCAT.
(b) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna ba chóir a thabhairt lá na cuairte chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcuairt.
(c) Dréachtaigh ríomhphost chuig bainisteoir gnólachta áitiúil/eagraíochta pobail le cuireadh a thabhairt dó/di teacht chun cainte le rang GCAT.
(d) Déan cur síos ar an tslí a ndéanfadh do rang measúnú ar chuairt an aoichainteora.

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.1 Bíonn idir dúshlán agus luaíocht i saol an fhiontraí**. | | | 1 | 2 |
| (a) Mínigh an téarma 'Fiontraí'. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |
| (b) Déan cur síos ar **dhá** luaíocht agus ar **dhá** dhúshlán a bhíonn ann d'fhiontraí. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

(c) Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta rinne tú staidéar ar fhiontraí i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a thug tú chun ullmhú i gcomhair an agallaimh leis an bhfiontraí seo.

**8 marc**


| | | |
|---|---|---|
| (d) Luaigh **trí** thréith phearsanta is gá a bheith ag fiontraí. Mínigh an tábhacht a bhaineann le **gach** tréith acu. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.2 Is taithí foghlama iontach í an Taithí Oibre/Scáthfhoghlaim**. | | | 1 | 2 |
| (a) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar ullmhaigh tú i gcomhair do shocrúcháin oibre. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |
| (b) Tá scileanna idirphearsanta an-tábhachtach san ionad oibre. Déan cur síos ar **dhá** shampla éagsúla inar léirigh tú scileanna idirphearsanta agus tú ar do shocrúchán oibre. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Mínigh an chaoi inar féidir le fostóir a chinntiú go mbainfidh mic léinn leas agus tairbhe as a gcuid taithí oibre. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **7 marc** | | |

(d) Mínigh an tábhacht a bhaineann le taithí oibre a mheasúnú.

**8 marc**

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.3** | **Tá an ghníomhaíocht ar a dtugtar M'Áit Féin ina bealach luachmhar le heolas a chur ar do cheantar áitiúil**. | | 1 | 2 |
| (a) | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna caitheamh aimsire agus le gníomhaíochtaí eagraithe a bheith ar fáil do dhéagóirí i gceantair áitiúla. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |
| (b) | Taispeánann an graf seo cuid na torthaí as cuid de shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí i mbaile beag maidir leis na háiseanna caitheamh aimsire ab fhearr leo iad a bheith ar fáil dóibh.<br><br>Mínigh na céimeanna a theastaíonn chun suirbhé a chur i gcrích go sásúil. |  | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Ainmnigh eagraíocht dheonach nó fiontar pobail atá i do cheantar féin. Scríobh mionchuntas ar an eagraíocht nó ar an bhfiontar sin faoi **cheithre** cheannteideal ábhartha. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

(d) Bíonn eagraíochtaí pobail ag brath ar dhaoine áitiúla a thugann dá gcuid ama agus cúnaimh go deonach. Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh eagraíochtaí pobail níos mó daoine óga a mhealladh le bheith páirteach leo.

**6 mharc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.4** | **Is cuid lárnach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é foghlaim faoi ghnólachtaí i do cheantar féin**. | | 1 | 2 |
| (a) | Ainmnigh gnólacht ar thug tú cuairt air mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. | | | |
| | | | | |
| | | **1 mharc** | | |
| (b) | Tugann an-chuid gnólachtaí áitiúla cabhair agus tacaíocht do scoileanna. Mínigh conas is féidir le gnólacht cabhrú le meánscoileanna ina cheantar féin. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **8 marc** | | |

(c) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** mhodh inar féidir le bainisteoir/úinéir gnólachta a chinntiú go bhfuil a chuid spriocanna gnó á mbaint amach.

**8 marc**

| | | |
|---|---|---|
| (d) Tá an cúlú eacnamaíochta ag cur isteach ar an-chuid gnólachtaí. Déan cur síos ar chuid de na straitéisí a bhféadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint astu chun tionchar an chúlú eacnamaíochta a shárú. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **8 marc** | | |

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig | |
|---|---|---|---|---|
| **C.5** | **Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta iarradh ort gníomhaíocht fiontair ranga a eagrú**. | | 1 | 2 |
| (a) | Liostaigh **dhá** mhodh le smaointe a ghiniúint i gcomhair fiontair ranga. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |
| (b) | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis atá le taighde margaidh a dhéanamh. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

(c) Leag amach an roinn Acmhainní agus Costas (airgid) de Phlean Gníomhaíochta.
Bain úsáid as an eolas atá curtha ar fáil duit:

- 200 mireanna a dhioltar ar €5 an ceann
- urraíocht €100
- fógraíocht €75
- amhábhair €300
- glaonna teileafóin €8.50
- stáiseanóireacht €18

**11 marc**

| | | |
|---|---|---|
| (d) Ainmnigh táirge/seirbhís ba mhian leat a chur chun cinn. Luaigh agus mínigh **trí** chineál fógraíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge/an tseirbhís sin a chur chun cinn. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **6 mharc** | | |

| **Roinn C** **Ceisteanna Ginearálta** **100 marc** | Don Oifig | |
|---|---|---|
| **C.6 Nuair a thagann cuairteoirí chun cainte le rang scoile tugann siad eolas luachmhar don rang faoi ghnólachtaí áitiúla/eagraíochtaí pobail atá sa cheantar**. | 1 | 2 |
| (a) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le haoichainteoir a thabhairt isteach sa scoil le labhairt le rang Nascmhodúl GCAT. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **4 mharc** | | |
| (b) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna ba chóir a thabhairt lá na cuairte chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcuairt. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **5 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Dréachtaigh ríomhphost chuig bainisteoir gnólachta áitiúil/eagraíochta pobail le cuireadh a thabhairt dó/di teacht chun cainte le rang GCAT. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **7 marc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (d) Déan cur síos ar an tslí a ndéanfadh do rang measúnú ar chuairt an aoichainteora. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

# Don Scrúdaitheoir Amháin
# An Scrúdpháipéar Scríofa

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Roinn B** | |
| **Roinn C** | |
| **C.1** | |
| **C.2** | |
| **C.3** | |
| **C.4** | |
| **C.5** | |
| **C.6** | |
| **Iomlán** | |

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Suim na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| 2. | Móriomlán na bhfreagraí a dícheadaíodh. | |
| 3. | An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. | Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge. | |
| 5. | An Marc móriomlán (3 + 4). | |

## Measúnú an Fhillteáin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Iomlán na marcanna | |
| 2. | Móriomlán na míreanna a dícheadaíodh | |
| 3. | An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2). | |